NA TOGHCHÁIN EORPACHA AGUS NA TOGHCHÁIN ÁITIÚLA

DÉ hAOINE AN 23 BEALTAINE 2014

Uaireanta Oscailte na Stáisiún Vótaíochta
7.00 a.m. – 10.00 p.m.

An bhfuil d'ainm ar Chlár na dToghthóirí?

Is féidir leat seiceáil a dhéanamh in oifigí do Chomhairle Cathrach/Contae nó ar líne ag www.checktheregister.ie

Mura bhfuil d'ainm ann, tá am fágtha fós chun é a chur isteach san Fhorlíonadh le go mbeidh tú in ann vóta a chaitheamh sna toghcháin

Beidh na toghcháin Eorpacha agus na toghcháin áitiúla ann **Dé hAoine, an 23 Bealtaine 2014.**

Ní féidir leat vóta a chaitheamh más rud é nach bhfuil d'ainm ar Chlár na dToghthóirí. Ar sheiceáil tú an clár le déanaí? Chun d'ainm a chur isteach san fhorlíonadh a ghabhann leis an gclár, ní mór duit a bheith **18 mbliana d'aois** nó os a chionn ar an lá vótaíochta agus ní mór **gnáthchónaí** a bheith ort ag an seoladh ar mian leat é a chlárú. Má tá d'ainm ar an gclár agus má d'athraigh tú d'áit chónaithe le déanaí, is féidir leat iarratas a dhéanamh chun d'ainm agus do sheoladh nua a chur isteach san fhorlíonadh.

Is mar a leanas na rialacha a ghabhann leis an gceart chun vótáil:

Saoránaigh Éireannacha, Saoránaigh Bhriotanacha agus Saoránaigh Eile den AE: is féidir leo vóta a chaitheamh sna toghcháin Eorpacha agus sna toghcháin áitiúla.
Daoine nach Saoránaigh den AE iad: is féidir leo vóta a chaitheamh sna toghcháin áitiúla.

Tá **foirmeacha iarratais don fhorlíonadh** ar fáil ó do Chomhairle Cathrach nó Contae agus ar líne ag www.checktheregister.ie. Ní mór foirmeacha comhlánaithe a bheith faighte ag do Chomhairle Cathrach nó Contae faoi **Dé Máirt, an 6 Bealtaine 2014**.

Ní mór an t-iarratas sin a shíniú i láthair comhalta den Gharda Síochána i Stáisiún an Gharda Síochána sa cheantar ina bhfuil cónaí ort nó, má shuíonn tú i scríbhinn nach féidir leat déanamh amhlaidh, is féidir leat é a shíniú i láthair oifigigh de chuid do Chomhairle Cathrach nó Contae. I gceachtar cás, d'fhéadfadh sé go mbeidh ort cárta aitheantais ar a bhfuil grianghraf nó cárta aitheantais de chineál eile a thabhairt ar aird agus is ceart duit cárta aitheantais a bheith agat nuair atá an fhoirm á síniú.

Más rud é nach bhfuil ceachtar rogha indéanta mar gheall ar thinneas fisiciúil nó ar mhíchumas fisiciúil, ní mór deimhniú dochtúra a chur ag gabháil leis an bhfoirm iarratais.

I gcásanna áirithe, ní mór do shaoránaigh den AE, seachas saoránaigh Éireannacha nó saoránaigh Bhriotanacha, dearbhú reachtúil ar leithligh **EP1** (atá ar fáil ó d'Oifig Chomhairle Cathrach nó Contae nó ar líne ag www.checktheregister.ie) a chomhlánú le gur féidir leo vóta a chaitheamh sna toghcháin Eorpacha.